

# Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua

Litir Nuachta Uimhir 1 1991



An tAire Spóirt sa Roinn Oideachais Proinsias Ó Fathaigh a sheol Scéim Oiliúna i Scileanna Spóirt in Áras Mháirtín Uí Chadhain i dtús an Fhómhair. Ina chuideachta bhí , ó chlé : Jack Mahon, Cathaoirleach Choiste Peile na Gaillimhe agus Pádraig Ó Conaire , Teagascóir.

## Scéim Oiliúna i Scileanna Spóirt.

Cuireadh tús le Scéim Oiliúna i gCúrsaí Spóirt i Scoileanna Náisiúnta i gceantar Chonamara i dtús an Fhómhair seo caite. Bhí scéim dá leithéid dá feidhmiú ar bhonn piolóiteach roimhe sin i gcupla scoil náisiúnta agus ó thárla go raibh ag éirí léi spéis na bpáistí a mhúscailt beartaíodh

iarracht a dhéanamh an scéim a chur chun cinn. Tugadh faoi chúnamh airgid a lorg agus i ndeireadh na dála bhí Udarás na Gaeltachta, Coiste Peile na Gaillimhe de Chumann Lúthchleas Gael agus Bord Soláthar an Leictreachais sásta airgead a chur isteach sa scéim. Déantar an obair oifige agus riarracháin in Áras Mháirtín Uí Chadhain. Sé Pádraig Ó Conaire Teagascóir na scéime. Bíonn sé ag obair leis na gasúir sna scoileanna náisiúnta sna ceantracha seo: Ros Muc agus Camus; An Tuairín agus An Cheathrú Rua; Ceantar na nOileán

agus na Trá Báine, Ros a Mhíl, An Tulach.

**Agallamh le Pádraig Ó Conaire,  
Teagascóir na Scéime.**

Cé mhéad gasúr atá ag baint tairbhe as an scéim?

Tá thart ar 400 gasúr ag baint sásamh aisti - buachaillí agus cailíní. Ní raibh an oiread béime ar mhúineadh na scileanna go dtí seo agus in

éineacht leis sin tá na gasúir féin ag baint spraoi aisti. Tá siad ag foghlaim na peile agus an smacht a chaithfeas a bheith acu, ní hamháin taobh istigh ach taobh amuigh freisin agus bheadh súil agam go dtabharfadh siad an smacht sin leo. Gaeilge a bhíonn acu go léir, fiú acu siúd a tháinig abhaile as Meiriceá agus as Sasana.

An mbeadh sé i gceist agat lá spóirt a bheith acu?

**Beidh comórtas againn idir na scoileanna ag tarraingt le laethanta saoire an tSamhraidh mar a bhí anuraidh ar Pháirc an Chathánaigh ar an gCeathrú Rua.**

Labhair tú faoi na cailíní.

Ba mhaith liom rud eigin a dhéanamh ar a son. Bíonn deis bhrefé ag na buachaillí ó thaobh spóirt, níl dóthain déanta leis na cailíní le comórtas a bheith eadarthu. Bíonn fiorshuim ag na cailíní beaga féin i gcomórtas den tsúrt seo.

An bhfuil tú féin sásta leis an scéim?

Ó tá, breá sásta. Tá mé sásta le cúrsaí thart sna ceantair ina bhfuil mé ag obair ach ba brefé an rud dá bhféadfai an scéim a chur ag obair thart ar Cill Chiaráin agus Carna, áit a bhfuil suim láidir ag múinteoirí agus ag gasúir sa scéim.

Go n-éirí go geal leat in do chuid oibre, a Phádraig. Cinnte dearfa, beidh na gasúir ag súil leis an lá mór ar Pháirc an Chathánaigh i dtús an tSamhraidh áit a bhfeicfear peileadóirí beaga, óga, na mbunscoileanna thart timpeall agus iad ar a mille dícheall ag iarraidh barr bua a bhaint dá chéile.



CURAIDH  
na

90 aidí ?

Buionta de pheileadóirí ógá  
Scoil Náisiúnta Mhic Dara,  
An Cheathrú Rua.



R. Ó Domhnaill, Príomhoide S.N. An Tuairín; S. Ó Cualáin, Club Peile na bPiarsach, Ros Muc agus T. Ó Máille, Ros Muc roghnóir faoi 21 na Condaí don bhliain 1991 i láthair ag ócайд seolta na scéime.

**Tá cur agus cúiteamh faoi Thionscal na Turasóireachta le tamall anuas.**

Bunaíodh Coiste nua Pobail ar an gCeathrú Rua le mí anuas. Sé Peadar Mac Donnchadha Cathaoirleach an choiste sin. Chuir beirt de scríbhneoirí na litreach seo faoi agallamh é an tseachtain seo caite.

Agallamh le Peadar Mac Donnchadha ó Choiste Pobail na Ceathrún Rua. Tá aon duine dhéag ar an gcoiste.

Bhunaigh sibh coiste nua le gairid. Cén cineál coiste é?

**Coiste Pobail nó Coiste Forbartha a thabharfá air.**

Cén tábhacht atá leis na Coistí Pobail seo?

Ceapaim féin muna bhfuil Coiste Pobail agat nach bhfuil tú in ann brú ceart a chur ar an gComhairle Condaí ná ar Údarás na Gaeltachta ná ar dhream ar bith mar sin. Tugann an Coiste Pobail buntáistí duit mar is cosúil go n-éistíonn daoine mar sin le Coistí Pobail níos mó ná d'éisteodh siad le daoine aonaracha.

An í seo an chéad uair ag Coiste Pobail san áit?

Ní hí. Tá Coiste Pobail sa gCeathrú Rua leis na blianta ach bhí sé titithe as a chéile ansin le cupla bliain agus bheartaigh roinnt daoine coiste a chur le chéile.

Cén plean atá agaibh anois don Cheathrú Rua?

Sé an plean is mó atá againn ag an am seo dá bhféadfadh muid caoi a chur ar bhóithre, ar na tráonna, glanadh suas a dhéanamh ar an áit agus caighdeán ard a bhaint amach mar atá déanta ar An Spidéal agus i mBearna agus na háiteacha sin atá glanta suas thar cionn agus a bhfuil andea-chuma orthu faoi láthair. Caighdeán na Ceathrún Rua a ardú, caighdeán maith glantacháin a bhaint amach, ionas go mbeadh fonn ar dhaoine a theacht ann sa Samhradh agus áit nuair a thiocfá isteach ann go dtabharfá faoi deara go bhfuil sé ag breathnú go deas, rud, tá faitíos orm, nach bhfuil faoi láthair.

An bhfuil aon baint agaibh leis an Scéim S.E.S. nó an bhfuil aon duine ag obair agaibh faoin scéim seo faoi láthair?

Bíonn go hiondúil; bíonn scéim S.E.S. ar siúl againn chuile bhliaín. Tá an ceann deireaneach críochnaithe agus beidh ceann eile ag tosnú go luath, chomh luath agus a bheas muid in ann í a thosnú.

Cén cineál oibre a dhéanann siad daoibh?

Déanann siad obair ar bith a thugann tú dóibh. Dá dtosódh ceann arís bheadh fúinn caoi a chur ar na ballaí timpeall na Ceathrún Rua agus na ballaí a athógáil agus glanadh suas a dhéanamh agus aon rud mar sin a bheadh le déanamh timpeall na háite.

An gceapann tú féin go

dteastaíonn Ionad Pobail san áit nó an bhfuil a ndóthain áiseanna ann do na daoine óga mar atá sé?

Is deacair a rá an bhfuil Ionad Pobail go díreach ag teastáil sa gCeathrú Rua nuair a chuimhneos tú air tá halla sa Scoil Chuimsitheach, tá halla sa mBunscoil agus tá halla pobail ann agus tá sé deacair a rá arbh fhiú duit foirgneamh mór éigin eile a chur suas le haghaidh Ionad Pobail. Bheadh sé an-chostasach é a choinneáil ar siúl. Bheadh ort teas a chur ann agus cothabháil a choinneáil i gconuí air agus ar bhealach go mb'fhéidir nach bhfuil áit mar sin ag teastáil sa gCeathrú Rua; an t-aon rud atá ag teastáil - halla a bheadh níos mó. Níl tú in ann cluiche ceart cispheile a imirt sa gCeathrú Rua. Níl an halla atá sa Scoil Chuimsitheach sách mór lena aghaidh sin a dhéanamh.

Céard faoi Linn Snáma san áit?

Linn snáma .. rud eile atá íontach costasach agus atá íontach deacair a choinneáil ag imeacht. Dá mbeadh linn snáma agat chaithfeá ceann ceart a bheith agat a bheadh clúdaithe agus chaithfeadh fáil a bheith ag muintir an cheantair uirthi. Linn snáma nua a thógáil? Tá mé ag ceapadh go gcosnódh sé go leor agus go gcosnódh sé go leor ansin chun a coinneáil ag imeacht.

Céard faoi chur isteach ar dheontais nó an mbeadh sibh in ann deontais a fháil nó ar chuir sibh isteach ar aon deontas go fóill?

Níor cuireadh, go fóill ar aon

nós.

An bhfuil imní ar bith oraibh i dtaobh na teanga nó an bhfuil aon phlean agaibh di?

Chuir muid isteach ar Ghlór na nGael i mbliana rud nár deineadh anseo cheana, cheapfainn. Níl pleannanna direacha againn.. nuair a bhíonn tú i do chónai sa nGaeltacht ní chuimhníonn tú go bhfuil aon chontúirt ar an teanga cé gur cosúil go bhfuil; ach tá muid ag cur isteach ar Chomórtas Ghlór

na nGael agus beidh muid ag

### An Cheathrú Rua Tomás Mac Eoin.

Ó b'ait liom comhluadar an cheoil bheith i gcónaí liom ar láimh; Mar chuid de thréithe mo cheantair féin  
Bíonn ceol i gcónaí ann; Tagann céadta, lá i ndiaidh lae, le bheith páirteach linn ansiúd Ag cur foinn le fonn Ag moladh An Cheathrú Rua. Sín chugam anall do láimh.

Bheadh cáil is clú ar an gCeathrú Rua Dá mbeinnse gan labhairt go brách; Ní inniu ná inné a thárla sé ach le blianta fada anall;

Ní inniu ná inné a thárla sé ach le blianta fada anall; An domhan go léir dá siúlfá é Táimse leat á rá Ón gCeathrú Rua má thagann tú, Bíonn fáilte romhat i ngach áit.

Ó d'fhéadfá ealú liom go fóill Ó dheacrachtai an tsaoil; Ó éalaigh liom go dtí an áit gur íontach ann an saol; Tá féasta is fleá á gcur ar fáil Le grá is gean ó chroí Is do chuaireart ar an gCeathrú Rua gur buan a mhairfeas sí.

Seo í an áit ar a dtugtar áird ar áilleachtaí ár dtír'; Seo í an áit a bhfuil sásamh le fáil as nádúirí an tsaoil. Tá ceol binn ár sinsir ann Is nach measúil é mar cheol Ár gcultúr féin nach uasal é Ar fud an tsaoil le fáil.

Nach aoibhinn siúl cois cuain go ciúin Ag Trá an Dóilín, Nuair a thagann an drúcht Ó spéir gan smúit Is an Samhradh arís ag teacht; Nach aoibhinn éisteacht le ceol na n-éan Nuair a bhíonn an ghrian ag dul faoi; Seo í an áit d' oíche is de lá a fhágfas tú faoi dhraíocht.

Nach móir an spórt Féil' an Dóilín a seolta nuair a ardaíonn sí; Seo í ócáid mhór an spórt a dhéanann óg den aois. Beidh geallta bád is currachaí ann Is nach móir na seoda iad; Báid faoi sheolta ag gabháil Cuan an Fhir Mhóir Sin radharc thar radharcanna.

Níor mhór do dhuine bliain amháin Leis an áit seo a mholadh i gceart; Níor mhór duit file a fháil nó bard le go bhfaighfeadh an áit seo a ceart; Níl a'm le rá ag deireadh an dáin Ach mar a dúirt mé ag a thuis Cuireadh muid fonn le fonn Ag moladh An Cheathrú Rua. Sín chugam anall do láimh.



déanamh rudaí timpeall na háite ar mhaithe leis an nGaeilge.

B'fhéidir amach anseo, tar éis an għlanadh suas agus uile go mbeadh sibh ag smaoineamh cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara?

Beidh muid ag cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara i mbliana.

An mbíonn mórán teangmhála agaibh leis na coistí áitiúla eile?

Tá liosta de na coistí áitiúla againn agus tá litir curtha againn chucu. Chuir muid ceisteanna orthu céard a cheapann siadsan ab fhéarr a dhéanamh don cheantar chun caighdeán faoi leith a bhaint amach.

An dtaitníonn leat a bheith ag obair ar choistí mar seo?

Caithfidh tú a rá go dtaitníonn mar tá mé ag obair ar choistí mar seo le blianta. Is dóigh gurab é an chéad rud é a théann faoin bhfuil. Tar éis tamaill ní féidir eirí as coistí.

Foilsíodh an t-amhrán seo coicís ó shin i leabhrán Chomórtas na nAmhrán Nuachumtha 1991. Beidh fáil ar na leabhráin ag Babhta Ceannais an Chomórtais in Óstán an Dóilín, Dé hAoine 15 Marta 1991. Idir an dá linn beidh fáil orthu ón Rúnaí, M.UÍ larnáin

\*\*\*\*\*

# CLÁR LEADER & AN GHAELTACHT

Tá Clár Leadar bunaithe le cuidiú le forbairt tuaithe sa gComhphobal.

Tugadh cruinniú le chéile in Áras Mháirtín Uí Chadhair ar an gCeathrú Rua ar an 23 Feabhra seo caite d'ionadaithe ó Choistí Pobail agus ó Chomharchumainn i nGaeltacht na Gaillimhe agus Mhaigh Eo lena chinntiú go dtiocfaidh ceann amháin de Chláracha Leader chuig an nGaeltacht.

Is fiú £1,000,000 sa mbliain go ceann 3 bliana don Ghaeltacht Clár Leader a fháil. Sí aidhm an Chláir seo cumas áitiúil forbartha a chur chun cinn, eolas agus scileanna a bhuanú faoin tuath agus an t-eolas agus na scileanna a bheith á roinnt ag pobail lena chéile.

Bunaíodh Coiste ag an gcuinniú. Sí aidhm an Choiste seo a chinntiú go bhfaighfidh An Ghaeltacht aitheantas mar cheantar faoi leith faoi Chlár Leader agus go mbeidh Gaeltacht na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus na Mí eagraithe leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gClár seo nuair a thagann sé.


Faoi mír Other Measures is féidir tacaíocht a fháil do chur chun cinn na Gaeilge sa nGaeltacht. Is bealach é seo lenar féidir le hÁras Mháirtín Uí Chadhair cuidiú le pobail pleannanna pobail don Ghaeilge agus pleannanna teaghlaigh don Ghaeilge a fheidhmiú.

Tá iarrtha ag an gcoiste nuabhuaithe ar gach uile Choiste Pobail agus ar gach uile


Chomharchumann plean oibre dá n-eagraíocht agus dá bpobal a chur le chéile nó aithbhreithniú a dhéanamh air má tá sé curtha le chéile acu cheana le go mbeidh an grúpa Leader in ann na míreanna is feiliúnaí do Chlár Leader a phiocadh as na pleannanna éagsúla le feidhmiú le cúnamh an Chomhphobail.

Fiú amháin, mura dtiocfadh Clár Leader go dtí An Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach na pleannanna seo a bheith curtha le chéile ag gach pobal le go mbeidís réidh acu faoin am a dtiocfadh cúnamh airgid ón bhfoinse seo nó ó fhoinsí eile amach anseo.

## Fo-Réigiún na hÉireann um Chlár Leadar



Fo-Réigiún	Ceantar
1	Cathair agus Condæ Bhaile Átha Cliath
2	Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobrad Árann Theas, Loch Garman, Port Láirge
3	Corcaigh, Ciarráí Theas
4	An Clár, Luimneach, Tiobrad Árann Thuaidh, Uíbh Fhailí Thiar Theas, Ciarráí Thuaidh
5	Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin
6	Dún na nGall, Sligeach, Liatrom, An Cásáin, Muineachán Lú, An Mhí, Cill Dara, Cill Mhantáin, Laois, Longfort, An Iarmhí, gach ceantar eile in Uíbh Fhailí
7	



*Agallamh le Caoimhín Mac Gallógligh, fear óg as Gaeltacht Mhaigh Eo, a chaith cúig mhí ag obair in Áras Mháirtín Uí Chadhain ach atá anois ag obair thall sa tSeapáin.*

Cár rugadh tú, a Chaoimhín?

In Acaill, Co. Mhaigh Eo i 1968.

Céantar Gaeltachta é sin, nach ea?

Sea! Tá Acaill ina Ghaeltacht oifigiúil ach ní labhartar Gaeilge ach i gcoirnéal beag fánach anois i nGob a' Choire.

An raibh Gaeilge agaibh sa bhaile?

Bhí beagán ag mo thuismitheoirí ach níor labhraíodh riamh mar theanga teaghlaigh í.

Cá bhfuair tú do chuid oideachais?

Scoil Náisiúnta Bhun a' Churraigh; Scoil Dhamhnait, Gob a' Choire; N.I.H.E./Ollscoil Luimní.

Céard iad na hábhair a rinne tú san Ollscoil?

Córas Ríomhaireachta, Teanga na Ríomhaireachta agus Cuntasáiocht

Céard a spreag do shuim san Ríomhaireacht i dtosach?

Nuair a rinne mé an Ardteist, ní raibh tuairim dá laghad agam cad a theastaigh uaim a dhéanamh agus chuala mé go raibh todhchaí maith i ndán don Ríomhaireacht sa tir seo. Chuir mé ar m'fhoirm C.A.O. é agus d'éirigh liom agus chuaigh mé go Luimneach.

Tá tú ag múineadh ríomhaireachta trí Ghaeilge anseo in Áras Mháirtín Uí Chadhain, nach bhfuil sé sin neamhghnách?

I Luimneach, bhí orainn tionscadail a dhéanamh don bhliain deiridh. Rinne mise ceann ar Mhúineadh na Ríomhaireachta trí Ghaeilge. D'éirigh go maith liom le comhairle ó mo mhúinteoir.

Cén uair a dtáinig tú ar an gCeathrú Rua i dtosach?

Ar saoire i dtosach - le scata as

an gColáiste. Ansin fuair mé post ó Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, ach d'fhan mé sa gCeathrú Rua. Ansin, bhí múinteoir ríomhaireachta ag teastáil ó Áras Mháirtín Uí Chadhain agus fuair mise an post sin.

Cén saghas ranga atá á mhúineadh agat in Áras Mháirtín Uí Chadhain?

Tá scór bean agus fear amháin ar an gcúrsa. Cúntóirí Teanga an teideal atá ar an gcúrsa. Tá sé an-mhaith. Tá an-suim ag lucht an chúrsa san ábhar agus tá siad sásta oibriú liom. Tá siad an-éirimíúil.

Tá tú ag imeacht anois?

Tá mé ag dul chun na Seapáine ar feadh cúpla bliain.

'Bhfuil post agat ansin?

Tá post agam ceart go leor, ach bhí mé ag fanacht le Víosa. Fuair mé é sin go ceann cúpla bliain agus beidh mé ag imeacht an tseachtain seo chugainn.

Cén fáth gur chun na Seapáine atá tu ag dul?

Mar bhí mé i Meiriceá agus níor thaitnigh sé liom. Tá spéis agam forbairt a dhéanamh ar mo theangacha iasachta agus eolas a fháil ar chultúr tíortha eile, agus freisin cuid den domhan a sheiceál an fhad is atá mé óg.

An féidir an Ghaeilge agus an Ríomhaireachta a nascadh le chéile?

Is féidir, taobh istigh den Ghaeltacht agus b'fhéidir taobh istigh d'Éirinn, chun teanga a mhúineadh.

Go raibh maith agat, a Chaoimhín, agus go n-éirí an t-ádh leat sa tSeapáin.

## Seanchas na n Daoine.

Cuireadh cupla scéal béaloidis a bhí bailithe ag Seán Mac Giollarnáth, i dtús an chéid seo in bhur láthair san eagrán deireanach de Litir Nuachta Áras Mháirtín Uí Chadhain. Is i mbailiúchán lámhscríbhinní a bhronn mac Sheáin.ie. Seán Mac Giollarnáth, ar an Áras atá an t - ábhar seo ar fáil. Seo leanas scéal a thóg Séamas De Brún, Garda, An Mám, Co. na Gaillimhe ón scéalai Micheál Breathnach, An Mám, i Márta na bliana 1931.

An tÉan.

Fear bocht a bhí ina chónai i gCo. Chiarrai fadó sé an t-ainm a bhí air Seán Ó Geanáin. Sí an cheird a bhí aige ag déanamh scuaba is dá ndíol. Ní raibh greim le n-ithe ná le n-6l aige go dtéadh a bhean chun an mhargaidh go bhfaigheadh sí luach na scuaba le beatha a thabhairt abhaile acu. Bhí beirt mhac agus iníon aige. Siad na hainmneacha a bhí orthu Seán agus Séamus; Máire ar an iníon. Lá dá dtáinig an t-athair abhaile dúirt sé leis an mbeirt mhac go gcaithfeadh siad éiri ar maidin agus a dhul chun na coille agus dhá ualach fraoigh a thabhairt abhaile leo le haghaidh scuaba, go raibh sé féin tuirseach á bhaint agus á tharraingt. D'éirigh an bheirt stócach ar maidin. Chuaigh siad chun na coille. An chéad dosán ar leag siad a lámha air d'éirigh éan uaidh amach. "An

bhfeiceann tú an t-éan, a Sheáin?" a deir Séamus. "Feicim" a dúirt Seán. "Ní fhaca mé aon éan riamh leath chomh deas leis. Leanfaidh muid de" a deir Séamus. "Tá sé ag dearcadh an tsocair agus báearfaidh muid air'. Lean siad de ar feadh an lae. Tháinig siad abhaile tráthnóna trom tuirseach gan éan ná fraoch. D'fhiabraigh an t-athair diobh cá raibh an fraoch. D'inis siad dó faoin éan. "Téigh a chodladhanois" a deir sé. "Dheamhan greim a gheobhfas sibh le n-ithe ná le n-6l sa teach seo go dtuga sibh dhá ualach fraoich chugamsa". Chuaigh siad a chodladh. Thug an mháthair rud éigin le n-ithe dóibh i ngan fhios don athair. D'éirigh siad ar maidin agus chuaigh siad chun na coille. An chéad dosán ar leag siad a lámha air d'éirigh an t-éan arís. "An bhfeiceann tú an t-éan?" a deir Séamus. "Feicim" a deir Seán, "ach ní bhacfaidh muid leis". "Tá sé an-tuirseach" a deir Séamus. "Is furasta breith inniu air". Chaitheadar an lá sin ag rith ar an éan. Tháinig siad abhaile tráthnóna gan fraoch ná éan. Bhí an t-athair ar buille leo. "A athair," a deir Séamus "dá bhfeicfeá-sa é leanfá féin é."

Ar maidin an tríú lae d'imigh siad chun na coille arís. An chéad dosán ar leag siad a lámha air d'éirigh an t-éan uaidh amach. Lean siad é agus le dul faoi don ghréin rug siad air. Thug siad leo abhaile go spóirtiúil é. Nuair a chonaic an t-athair é "dar m'fhocal, dá mbeinn ann leanfainn féin de. Téigh a chodladhanois, tá sibh tuirseach. Gabhfaidh mé féin i gcoinne ualach fraoigh ar maidin". Rinne sé ciseán éanlaithe le haghaidh an éin a chur ann. Chuir sé an t-éan ann agus nead deas faoi isteach.

D'éirigh sé ar maidin agus chuaigh sé amach. "Níor chuimhnigh mé dearcadh ar an éan" ar seisean. D'fhill sé isteach arís agus chuaigh sé isteach go dtí an t-éan. Fuair sé ubh fúithe nach bhfaca sé a leithéid riamh. Rinne sé ionadh mór di. "Dar m'fhocal" ar seisean "ní fhaca mé a leithéid d'ubh riamh. Tabharfaidh mé síos chuig an nGabha Geal í. B'fhéidir go dtabharfad sé rud éigin dom uirthi le haghaidh mo bhricfeasta." D'fhiatraigh sé de an gceannódh sé ubh uaidh. "Céard a bheifeá ag iarraidh uirthi?" ar seisean. "Céard is fiú í?" arsa Fear na Scuab. "Tabharfaidh mé dhá chéad punt duit uirthi" ar seisean. "Bíodh sí agat" arsa Fear na Scuab. Chomharaigh sé amach an dá chéad aige. Nuair a fuair sé an t-airgead chuaigh sé isteach sa siopa ab fhéarr sa mbaile mór. Thug sé leis gach uile shórt ní abhaile dó féin is do na stócaigh, don bhean is don iníon, neart le n-ithe agus le n-ól, gach uile shórt dá fheabhas. Lá arna mhárach fuair sé ubh eile ag an éan. Thug sé go dtí an Gabha Geal í. Thug sé a dhá oiread uirthi is a thug sé ar an gcéad ubh. An triú la fuair sé ceann eile. Bhí sí níos mó ná na cinn roimhe sin. D'fhiatraigh sé de cé mhéad a bhéarfadh sé dó uirthi seo, go raibh sí níos mó ná na cinn eile. "Tabharfaidh mé an oiread duit uirthi agus a thug mé ar an bpéire eile. Cá bhfuair tú an t-éan seo?" a deir An Gabha Geal. 'Na stócaigh a fuair sa gcoill é". "Má dhíolann tú liomsa é tabharfaidh mé a dhá oiread duit air agus a thug mé ar na huibheacha". "Ní dhéanfaidh mise sin" arsa Fear na Scuab. "Chaillfi na stócaigh dá scarfainn leis". "An dtabharfá cead dom é a fheiceáil?" ar

seisean. "Tabharfad go cinnte" arsa Fear na Scuab.

Chuaigh sé leis chun an tí gur 'speáinn sé dó an t-éan. Rug sé ar an éan agus dhearc sé air. D'oscail sé amach a dhá sciathán. Bhí sé scriofa i Laidin faoi na sciatháin: "An té iosfas mo chonablach-sa beidh sé pósta le iníon Rí na Spáinne".

"An té a iosfas mo chroi agus mo scámhóga beidh piliúr óir faoina chloigeann gach uile lá fad is mhairfeas sé".

Nuair a chonaic An Gabha Geal sin "Anois, má thugann tú an t-éan domsa tá aon mhac amháin agamsa agus gheobhaidh mé pósta le d'iníon é". "Ní fhéadfainn sin a dhéanamh" a deir Fear na Scuab, "chaillfi na stócaigh dá scarfadh siad leis an éan". "Caithfidh tú scaradh leis" a deir an bhean, "nach mbeadh d'iníon ina bean uasal fad is mhairfeadh sí". Thug sé leis an t-éan, an bhean, an iníon agus an t-athair. Chuaigh an mháthair go dtí comharsa a bhí in aice leo. Dúirt sí leo nuair a thiocfadh na stócaigh abhaile ón scoil iad a thabhairt isteach agus béile a thabhairt dóibh, go raibh a ndeirfiúr dá pósadh le mac an Ghabha Ghil an lá sin.

Nuair a tháinig na stócaigh isteach agus nuair a chonaic siad an t-éan imithe thosaigh siad ag gol agus ag screadadh. Tháinig an bhean seo amach chucu. D'inis sí dóibh céard a dúirt an mháthair léi. D'imigh an bheirt stócaigh agus chuaigh siad go dtí teach an Ghabha Ghil. Thug An Gabha Geal ordú don chailín an t-éan a mharú agus a phlucáil, ceathrú caoreola a róstadh, biorán a chur i gconablach an éin ar thaobh na feola, an croí agus na scámhóga a chur ar an taobh eile. Tháinig an bheirt stócaigh isteach. Sheasadar le taobh dhoras na cistine. D'fhiatraigh

an cailín dióbh cé mba leis iad. D'insíodar di gurbh é Seán ó Geanáin a n-athair - fear déanta na scuab. "Más ea", ar sise "gabhaigí anuas 'uig an tine, téithigí sibh féin. Tá sé chomh cóir agaibhse a bheith anseo agus atá sé ag an muintir eile a bheith sa bpárlús".

Bhí an fheoil róstaithe san am seo. Thóg an cailín ar mhias í agus leag sí ar bhord na cistine í. Chuaigh sí siar sa seomra. "A Sheáin," a deir Séamus "an bhfeiceann tú an t-éinín sin?". "Feiceann, a mh'anam" a deir Seán. "Beidh an conablach agamsa" a deir Seán. "Muise, m'anam" a deir Séamus "beidh an croí agus na scámhóga agamsa". Bhí an seanghabha agus a mhac, fear na scuab, a bhean agus a iníon ag dul ag fáil a ndinnéir. Leagadh an ceathrú feola ar an mbord chucu. D'fhiabraigh an seanghabha cá raibh an t-éan. "Tá sé róstaithe leis an bhfeoil" a deir an cailín. "Níl sé ann" ar seisean. "Rinne mise mar a dúirt tú" ar sise". "A' dtáinig aon duine isteach" a deir an gabha ó thóg tú an fheoil?". "Níor tháinig" a deir sí ach beirt stócach leis an bhfeoil isteach". "Go mba mheasa a bheas siad bliain ó inniu" a deir an gabha; "sin iad a d'ith an t-éan".

Rug sé ar Fhear na Scuab, ar a bhean agus ar a iníon agus chaith sé amach go feargach iad. Chuaigh siad abhaile. Lean an bheirt stócach iad. Nuair a chuaigh an bheirt stócach abhaile ní ligfeadh an mháthair isteach iad. "Dheamhan greim ' iosfas sibh ná ólfas sibh an fhad is a mhairfeas sibh sa teach seo; bheadh bhur ndeirfiúr ina bean uasal go brách marach sibhse".

D'imigh an bheirt stócach leo brónach go leor gan fios acu cá rabhadar ag dul. Tháinig siad go

dtí teach scoile. D'fhiabraigh an máistir scoile dióbh cérbh iad féin. Dúirt siad gur scoláiri bochta a bhí iontu a bhí in éagmais farasbarr léinn. "Gabhaigí isteach agus déanfaidh mise mo dhícheall daoibh" ar seisean. Nuair a bhí na scoláirbhri ag dul abhaile tráthnóna dúirt an máistir leis an gcuid ba chrionna acu iad a thabhairt abhaile leo anocht agus duine eile san oíche amárach. Dhiúltaigh gach uile dhuine dióbh agus d'imíodar ar fad ag siúl. Sheas an bheirt stócach suas le taobh an gheata agus thosaigh siad ag gol. D'fhill mac baintri orthu. "Taraigí liomsa" ar seisean. "Dheamhan blas ag mo mháthair" ar seisean "ach de réir mar a chruinneos sí; má tá sé an gheobhaidh sibh é". Chuaigh siad leis. D'fhiabraigh an mháthair de cérbh iad na stócaigh a bhí leis. Dúirt sé gur dhá scoláire bhochta iad. "Ní ligfeadh duine ar bith de na scoláiri eile leo iad" ar seisean. "Céad fáilte rompu, a stóir," a deir an mháthair "má tá sé agaínn-ne gheobhaidh sibh é". Thug sí suipéar dóibh mar bhí sé aici. Chóirigh sí leaba sa gclúid dóibh agus chuir sí a chodladh iad. D'éirigh sí ar maidin agus fuair sí bricfeasta dóibh. Chuaigh siad féin agus an mac chun na scoile arís. Nuair a d'imigh siadsan thóg sise an leaba as an gclúid. Fuair sí piliúr óir faoina gcloigeann. "Sé Dia a chuir chugam sibh" ar sise. Chuaigh sí ag an siopa agus thug sí gach uile shórt dá fheabhas léi, dóibh féin agus di féin. Chaitheadar bliain ag teacht is ag imeacht aici. Níor lig sí chucu tada faoin óir ar feadh an ama. "Anois, a Sheáin" arsa Séamus "bliain sa lá inniu a tháinig muid sa teach seo agus níor dhúirt an bhean bhocht riamh

go raibh muid ró-fhada ann. Beimid ag fágáil beannachta aici inniu". "O, ná himigh" a deir an bhean bhocht, "níor chaill mise tada libh ó tháinig sibh chugam ach rud móir a ghnóchan. Níl aon mhaidin ó tháinig sibh chugam nach bhfuair mise piliúr óir faoi cheann dhuine éigin agaibh. An bhfeiceann sibh an cófra sin ansin? Tá sé lán d'ór. Tugaigí libh an meid a fheadfas sibh iompar libh má tá sibh ag imeacht". "Ní dhéanfaidh muid sin" ar siadsan "ní móir linn duit féin é, más fíor do scéal, mar bhí tú an-mhaith dúinn". D'fhág siad slán agus beannacht aici agus bhuailear siad bóthar. Tháinig an oíche orthu. Bhí siad ag siúl i bhfad san oíche nuair sula bhfaca siad aon teach. Tháinig siad go dtí teach feilméara is bhí siad ina gcodladh. "Is fearr dúinn iad seo a dhúiseacht" a deir Seán "agus ligfidh siad isteach muid". "Níl sé feiliúnach a bheith ag rapáil ag doras fear ar bith an tráth seo d'oíche. Gabhfaidh muid isteach san agart. Chuaigh siad isteach agus bhí coca tuí-choirce buailte ann. "'nois" a deir Séamus "luigh thusa ansin agus luífidh mise anseo go bhfeice muid an fíor don tseanbhean an rud a bhí sí ag rá faoin bpiliúr óir". Nuair a d'éirigh siad ar maidin bhí an t-ór rite amach ar an talamh ó chloigeann Shéamuis. Líon siad a bpócaí leis. Chuaigh siad isteach chuig teach an fheilméara. D'ordaiodar bricfeasta agus fuair siad sin. D'fhiografiaigh sé den fheilméar an dtabharfadhl sé carr dóibh a bhéarfadh go dtí baile móir iad, go n-iocfaidís go maith é. Thug sé sin dóibh agus an mac dá dtiomáint. Nuair a bhí siad in aice an bhaile mhóir d'fhiografiaigh siad den fhear óg an raibh eolas maith ar an mbaile móir aige.

Dúirt sé go raibh, go mbíodh sé ann go han-mhinic. "'nois" ar siadsan "tabhair chuig teach lóistín is creidiúnaí agus is fearr sa mbaile móir muid". Thug sé ansin iad. Tháinig fear an lóistín chucu. Thóg siad dhá sheomra uaidh go ceann lá is bliain, gan déileáil ar bith a bheith ag aon duine leis na seomraí ach acu féin. Fuair siad siúinéiri a dhéanfadhb boscaí leis an ór a chur iontu. Ní achar fada ina dhiaidh sin go dtáinig Rí na Spáinne, a bhean agus a iníon ar cuairt go dtí an baile móir. Chuireadar fútha sa teach aiochta céanna.

Lá dá raibh iníon Rí na Spáinne ag dul go dtí a seomra chuala sí torann óir i seomra na ndaoine uaisle. Dhearc sí isteach trí pholl an ghlaibh. Chonaic sí an bord lán d'ór. Chuaigh sí ar ais go dtí a hathair agus dúirt sí go raibh robálaithe sa teach. Ghlaough an t-athair ar mháistir theach an lóistín. "Shíl mé" ar seisean " go raibh teach creidiúnach agatsa, nach mbeadh robálaithe agat ann". "Sin rud nach bhfuil agam" arsa fear an lóistín. "Cén sórt fir atá sa seomra sin agat?" ar seisean. "Sin dhá dhuine uasal, óg atá le lá agus bliain agamsa. Níor tháinig a leithéidí isteach i mo theach riamh is feiliúnai ná iad". "Muise an bhfiafrófá díobh" a deir Rí na Spáinne "an dtiocfadhb siad ar dinnéar agamsa amárach?"

Thug sé an cuireadh dóibh. Chuaigh siad ann agus fáilte. Nuair a bhí an dinnéar caite an lá sin agus bhí dinnéar acu, gan amhras, "'nois a deir Seán agus Séamus "fáigh dinnéar gléasta dúinne amárach agus tabhair cuireadh dóibh a theacht ar dinnéar againn". Nuair a bhí an dinnéar caite thóg Rí na Spáinne an-spéis iontu. D'fhiografiaigh sé

díobh an bpósfaidh duine díobh a iníon. "Pós tusa í, a Sheáin" a deir Séamus. Phós Seán agus iníon Rí na Spáinne. Fuair siad cairt agus dhá chapall ag tarraingt síos an óir chuig an long. D'imigh siad go dtí An Spáinn agus d'fhág siad slán agus beannacht ag Séamus.

Bhí Séamus brónach go leor ina ndiaidh. Chuala sé go raibh banríon óg amach ón mbaile móra a raibh an-tóir aici ar imirt chártaí. Ní raibh aon duine dar imir léi riamh nár bhuaigh sí air. "Mo chrá Dé, mura dté mé ar cuairt chuici" ar seisean. Chuir sí céad fáilte roimhe. "An imreoidh tú cluiche cártaí liom?" ar sise. "Imreoidh" ar seisean. "Cuirfidh muid céad ar an gcluiche" a deir sí. "Ní miste liom" ar seisean. Bhuaigh sí gach uile chluiche riamh go raibh sé in am aige dul abhaile. "An dtiocfaidh tú oíche amárach?" ar sise. "Tiocfaidh" ar seisean "beidh cluiche eile againn". Tháinig sé san oíche lá arna mhárrach. Dhúbail sé na gealltaí agus bhuaigh sí air. "An dtiocfaidh tú an tríú hoíche?" a deir sí. "Tiocfaidh go cinnte" a deir sé agus tháinig sé. "Dúbléidh muid na geallta arís" ar seisean. "Caithfidh sé" a deir sí "nach bhfuil cur síos ar bith ar an méid airgid atá agat. An méid a d'imir tú le dhá oíche chaill tú agus níor chuir sé múisiam ar bith ort. Tá tú á dhúbait arís anocht agus caillfidh tú é". "Ní miste liom" a deir sé dá gcaillfinn seacht noiread bheadh mó sháith agam ina dhiaidh". "An bpósfaidh tú mise?" a deir sí. "Pósfad" ar seisean "is maith liom an seans a fháil".


Pósadh iad. Bhí seanchailleach de mháthair aici a raibh traídhefil asarlaíochta aici. Bhí sí ar cuairt thall san Eadaínn.

Bhí sí le buille is le bánai nuair a chuala sí go raibh a hiníon pósta le mac fhear déanta na scuab. Thug sí amach iad i gcóiste. Tháinig siad abhaile tráthnóna. Tháinig an duine uasal, óg amach as an gcóiste. Thóg sé amach an bhean ar an mbóthar. Thóg sé amach an chailleach. Nuair a bhí sé á leagan ar an mbóthar bhual sí an dá uilleann i mbéal an ghoile air. Chaith sé croí agus scámhóga an éin amach as a bhéal. Scuab an chailleach ina naipcín póca iad agus chuir isteach ina póca iad. "Bailighanois, a bhuaachaill; dheamhan oíche a chodlós tú sa teach choicche".

D'imigh sé leis. Chonaic sé beirt stócach uaith agus iad ag troid. D'fhiabraigh sé díobh cén t-údar achrainn a bhí acu. "Cailleadh ár n-athair" ar siadsan. "Bhí caipín ag m'athair" a deir ceann acu "agus pé ar bith áit a dtogrófá a dhul "thabharfadha an caipín ann tú". "D'fhág sé an caipín agamsa" a deir duine díobh. "Níor fhág" a deir an ceann eile "ach d'fhág sé agamsa é. Fágfaidh muid faoi do bhreithiúnas cé againn a dtabharfaidh tú an caipín dó". Thug siad an caipín dó. Chuir sé ar a chloigeann é. "Faraor gan mé sa gcoill is fiáine thall san Aifric" a deir sé "san áit nach bhfaighfeadh aon duine aon tuairisc cén áit a bhfuil mé nó cén bás a gheobhfas mé". Ar an bpointe tugadh chun na hAifrice é. D'isliugh sé anuas sa gcoill. Bhí sé stíallta, stróicthe ag siúl tríd na coillte. Tháinig tart agus ocras air. Chonaic sé úlla breátha ag fás ar chrann. Rug sé ar cheann acu agus bhain sé greim as. Ní túisce a bhí sin déanta ná d'fhás péire adharca amach as a bhaithis. Shuigh sé síos ar an talamh. "Táim réidhanois seachas mar a bhí riamh".

Chonaic sé úlla beaga carracha ag fás ar chrann íseal lena ais. Rug sé ar cheann acu agus d'ith sé é agus thit an dá adharc de anuas. D'éirigh sé den talamh is chuaigh sé ag baint slata. Rinne sé ciseán. Chuir sé glac de na húlla carracha in iochtar an chiseáin. Chuir sé na húlla móra breátha in uachtar. Nuair a bhí sin déanta aige chuir sé an caipín air. "Faraor gan mé thiar sa mbaile arís" ar seisean agus ar an nóiméad céanna shroich sé an baile. Chuaigh sé chuig doras a chaisleáin féin. D'fhiadfraigh sé den chailín an gceannódh siad aon úll. Dúirt sí nach gceannódh, go raibh neart torthai acu féin. Rug sé ar úll. "Tabhair é seo don bhanrion óg". Bhí sí thuas staighre i gceann de na seomrai. Thug sí suas an t-úll aici. Chuir sí amach a cloigeann thar an bhfuinneog ag dearcadh ar an bhfeair a thug an t-úll aici. Bhain sí greim as an úll agus d'fhás adharca amach as a baithis. "Do chara is do choimirce" deir sí "lig as seo mé". "Ligfead" a deir sé "má thugann tú croí agus scámhóga m'éin dom". "Ní agam atá siad" a deir sí "ach ag mo mháthair". "Cá bhfuil do mháthair?" ar seisean. "Tá sí ag siúl siar le cladach na farraige". Chuir sé úll carrach chuici agus nuair a d'ith sí é thit na hadharca di. Chuaigh sé soir seánbhóthar an chladaigh. Casadh an chailleach dó. D'fhiadfraigh sé di an gceannódh sé aon úll. Dúirt sí leis go raibh neart úlla aici. "Níl aon úll mar iad seo agat" a deir sé ag tabhairt ceann di. "Níl mé ag iarraidh tada air". Chomh luath is a d'ith sí é d'fhás péire adharc a bhí chomh mór le dhá chrann amach as a ceann. Thit sí sios go talamh. "Do chara is do choimirce, lig as seo mé". "Tabhair dom croí agus

scámhóga m'éin!". "Cuir do lámh in mo phóca agus gheobhaidh tú iad in mo naipicín". Fuair sé iad agus d'ith sé suas arís iad. D'fhág sé an chailleach i gcladach na farraige nó go dtáinig an taoille is gur bháigh sí í. Tháinig sé abhaile go dtí an bhean. D'fhan sé léi an fhad is mhair siad. Chuireadar sios an citeal is d'óladar tae is mura raibh siad sin go maith tá súil le Dia agam go mbeidh muide.



*Seo pictiúr de scian ón sean-am a thaispeáin an seandalaí Erin Ní Ghiobúin do mhic léinn in Áras Mháirtín Úí Chadhain sa Samhradh.*

## CÚRSAÍ GAEILGE 1990



**Mic Léinn as Coláistí éagsúla Tríú Leibhéal  
ar fud na tíre**




**Tosaitheoirí i dtús na hoibre i gcuideachta an  
mhúinteora: Máirín Uí Choistealbha.**

**AN POST: Cairde as gach uile cheard den tír atá ag**  
**Earrach 1990 obair leis an bPOST agus a bheas ag triall**  
**ar an gCeathrú Rua arís faoi cheann míosa.**



**R T É:** Iriseoirí Nuachta a bhí ag cur barr feabhaí ar Fómhar '90 a gcuid Gaeilge nó ar a gcuid iriseoireachta trí Ghaeilge. Bhí Orla Guerin agus Liam Cahill imithe ar ais i mbun oibre nuair a tógadh an pictiúr seo.



## Baineann Léachtóirí Ollscoil na Gaillimhe tairbhe as na Dianchúrsaí Gaeilge a bhíonn ar siúl



san  
**Ionad Buanaithe agus Sealbhaithe Gaeilge  
ó dheireadh an Earraigh.**



## CÚRSA na nEACHTRANNACH 1990




Airítear foghlaimeoirí Gaeilge as: An Ioruaidh;  
An Ghearmáin; An Spáinn; An Ghearmáin; Alba  
agus Meiriceá orthu seo thuas.




"Is iomaí slí sin a bhíos ag daoine  
Ag bailiú píosaí is....."  
ag foghlaim na Gaeilge???



## Tionscadal Oiliúna don Óige sa bPobal



Scéim  
Fostaiochta Sóisialta  
atá ag feidhmiú  
in  
Áras Mháirtín Uí Chadhain  
ó thús an Fhómhair.



Go maire tú do nuaíocht,  
a Diane.

**COGAR MÉ SEO LEAT?**  
**(Cómhrá Neamhullmhaithe).**  
**Treoir don Mhúinteoir: An Cur Chuige Cumarsáideach.**



**Seo é Micheál. Seo é John. Tá siad ag cogarnaíl.**

**John:** Cogar mé seo leat? Cé hiad siúd .....

**Micheál:** A' bhuil tú a' rá.....?

**J:** "...."

**M:** "....?...."

**J:** "....!!!!!!"


**J:** **NA CÚNTÓIRÍ?**

**M:** Sea muis....**NA CÚNTÓIRÍ TEANGA.**



## DRÉIMIRE FOCAL

Tosaíonn gach focal le P




B	A	T	S	P	T	N	I	F	L	I	E	D	
N	S	T	O	C	A	I	R	P	E	A	B	T	S
P	O	T	C	O	T	A	A	P	U	T	S	O	B
R	I	É	P	S	Ó	T	R	L	É	P	A	N	H
D	Á	B	C	A	C	I	S	T	E	A	C	H	I
R	A	S	I	U	D	A	B	A	N	C	D	C	A
S	T	B	A	T	R	I	M	E	I	A	G	A	S
R	N	C	L	O	G	Ó	C	A	É	P	O	H	N
E	N	D	D	T	N	A	B	E	L	A	I	T	A
T	O	M	I	R	A	H	B	A	E	L	A	A	E
S	T	Á	I	R	O	E	B	R	T	L	I	F	G
Í	U	D	R	I	A	I	H	G	Ó	F	D	B	O
R	T	S	R	G	I	R	M	Ó	R	G	E	A	T
B	P	O	N	M	L	S	L	I	O	G	Á	I	N

Oibrigh amach gach uile fhocal atá sa liosta seo thíos

BANC	COSA	GEANSAÍ	SLIOGÁIN
BEAG	CÓTA	LEABHAR	SLUA
BHÍ	DORAS	LÉINE	SPÉIR
BRÍSTE	DROIM	MÓR	STOCAÍ
BRÓG	EILIFINT	PEACÓG	STÁIR
CAPALL	ÉADAN	RÁSA	TEACH
CLOG	FATHACH	SCAMALL	TONNTA

## Ceangail na spotaí ó 1 go dtí 21

Céard é féin?



Cá maireann sé? \_\_\_\_\_

Cé mhéad cos air? \_\_\_\_\_

An féidir é a ithe? \_\_\_\_\_

An bhfuil sé le fáil in Éirinn? \_\_\_\_\_

Dathaigh é.



Foghlaimeoirí óga Gearmáinise as an gCeathrú Rua